European Commission

# 7 gcéim praiticiúla chun bochtaineacht fuinnimh a aithint - treoir foghlamtha maidir le Mol Comhairleach um Bhochtaineacht Fuinnimh

## An bhfuil bochtaineacht fuinnimh i mo bhardas? Cá bhfuil sé cuimsithe agus cé chomh tromchúiseach is atá sé? Cé hiad na daoine is mó atá thíos leis? Céard iad na cúinsí is suntasaí chun cinneadh a dhéanamh?

D'fhéadfadh comharthaí foláirimh go bhfuil bochtaineacht fuinnimh i gceist teacht as gach aon áit. D'fhéadfadh eolas a fuarthas ó na seirbhísí sóisialta maidir le líon suntasach na dteaghlach a chuireann glaoch ar chúnamh mar gheall ar bhillí fuinnimh arda nó d'fhéadfá an tuarascáil náisiúnta a fheiceáil ar bhochtaineacht fuinnimh agus tá tú in amhras go bhfuil tionchar aige sin ar do bhardas. Tá **diagnóis** mar thús ar shraith imeachtaí a chuimsíonn an dícheall ar mhaolú um bochtaineacht fuinnimh, agus is cuid bhunúsach de na príomhchúiseanna a thuiscint é.

Molann an Mol Comhairleach um Bochtaineacht Fuinnimh **7 gcéim phraiticiúla chun cabhrú le bardais ina n-iarrachtaí tosú ag anailísiú agus dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh** beag beann ar thíreolaíocht, ar chúrsaí cultúrtha agus ar chúrsaí eacnamaíochta. Is féidir leat na céimeanna seo a úsáid mar sheicliosta nó mar leabhar cócaireachta ag tosú ón gceann is ábhartha. Is féidir croílár na modheolaíochta a chur in oiriúint do do chomhthéacs agus tacú leat grúpa dlúth gníomhaíochtaí a fhorbairt, nó bochtaineacht fuinnimh a leabú i do phleananna aeráide agus fuinnimh reatha. Ag deireadh na céad chéime, beidh tuarascáil iomlán "Diagnóis um bochtaineacht fuinnimh áitiúil" ar fáil duit a thacóidh leat go héifeachtach ní hamháin i ngníomhaíochtaí a phleanáil agus a chur i bhfeidhm ach freisin chun dul i ngleic le líonra níos mó de pháirtithe leasmhara, bunaithe ar fhianaise phraiticiúil.

**Mar sin, breathnóimid ar na céimeanna ar dhiagnóis um bhochtaineacht fuinnimh.**



# Comhthéacs agus Comhordú



## Céim 1 - Castacht um bhochtaineacht fuinnimh a thuiscint

**Cuspóir:**

**An t-ábhar a thuiscint níos doimhne**

Tosaigh trí léargas ginearálta iomlán a fháil faoin gcaoi a léirítear bochtaineacht fuinnimh sa bhardas. Léigh gach rud faoi cad is bochtaineacht fuinnimh ann, na cúiseanna, an dul chun cinn, na hiarmhairtí agus céard atá i mbaol nuair a dhéantar an dúshlán seo a dhiagnóisiú. Le linn do thaighde gheobhaidh tú foilseacháin éagsúla agus ábhar foghlamtha a d'fhéadfadh a bheith úsáideach ag céimeanna difriúla.

**Gníomhaíocht:**

**Cruthaigh liosta de gach acmhainn atá ar fáil.**






## Céim 2 - Aimsigh na páirtithe leasmhara lena mbaineann agus déileáil leo

**Cuspóir:**

**Bunaigh Grúpa Oibre**

Bíonn baint ag bochtaineacht fuinnimh le réimsí éagsúla sochaí, lena n-áirítear na ranna sóisialta, fuinnimh, tithíochta, sláinte agus timpeallachta. Lena chinntiú go bhfuil rochtain agat ar dhearcthaí difriúla, tosaigh ag dul i bpáirt le páirtithe leasmhara inmheánacha (ó ranna eile) agus seachtracha (lasmuigh den riarachán bardasach). Maidir le páirtithe leasmhara inmheánacha, smaoinigh ar ghrúpa oibre idir-ranna a chruthú a bhfuil an cumas ann dearcthaí éagsúla teicniúla agus sóisialta a thabhairt don diagnóis.

Maidir le páirtithe leasmhara seachtracha, bíodh teacht agat ar shaineolaithe áitiúla, Eagraíochtaí Sochaí Sibhialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha, Seirbhísí Sóisialta, Comharchumainn, Ionaid Taighde, Ollscoileanna, Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí Fuinnimh, Bainc, Cistí Infheistíochta, gnóthais bheaga agus mheánmhéide agus ar lean chun na féidearthachtaí a fhiosrú maidir le comhoibriú.

**Gníomhaíocht:**

**Páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha a mhapáil agus cruinnithe a óstáil go sineirgí féideartha.**

# Ó Eolas go Sainmhíniú



## Céim 3 - Hipitéis a bhunú agus a anailísiú

**Cuspóir:**

**Tabhair sonraí faoin mbreathnú bunúsach le gnéithe breise**

Is cuma céard a mhúscail do spéise chun bochtaineacht fuinnimh a dhiagnóisiú, tá sé áisiúil na hipitéisí éagsúla a chur le chéile, a d'fhéadfadh eolas breise a chur ar fáil ar an mbreathnóireacht tosaigh. Ag an gcéim seo beidh tú ag tógáil ar thaithí phraiticiúil agus eolas na ngrúpaí oibre maidir le dúshláin áitiúla agus soláthar na tacaíochta do shaoránaigh leochaileacha. Ina theannta sin, déanfaidh tú ceangail idir an t-eolas a fuarthas tríd an taighde a rinneadh (céim 1) chun grúpa hipitéisí a bhunú a bhaineann le fadhbanna féideartha le fiosrú.

**Gníomhaíocht:**

**Cruthaigh liosta hipitéisí agus déan a théagar a anailísiú. Sampla:**

**Hipitéis:** Ceapaimid go bhféadfadh bochtaineacht fuinnimh a bheith i gcomharsanacht X mar gheall ar chaighdeán bocht na dtithe cónaithe

**Ceisteanna:** Céard iad na fadhbanna a bhaineann leis na tithe cónaithe (insliú an dín, seanfhoirgnimh, seanchóras teasa agus ar lean)? Cén fáth nach bhfuil siad athchóirithe?

**Eolas Tacaíochta:** Ar fáil.

## Céim 4 - Sainmhínigh an t-eolas a bhaileoidh tú: táscairí ábhartha agus foinsí eile

**Cuspóir:**

**Déan an tionchar a thomhais ar leibhéal áitiúil**

Is modh iad na táscairí go bunúsach chun monatóireacht a dhéanamh ar ár n-iarrachtaí agus mar sin bíonn siad úsáideach chun na gníomhaíochtaí a threorú agus/nó a athrú atá le cur i bhfeidhm. Ba chóir go mbeadh na táscairí um bochtaineacht fuinnimh mar mheascán idir cháilíochtúla agus chainníochtúla agus é a choimeád ar intinn go bhfuil siad feiliúnach chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchar áitiúil agus leibhéal solúbthachta agus miondifríochta a chur ar fáil chun leochaileacht an daonra a ghabháil. Ba chóir go léireodh siad gnéithe difriúla den fhadhb agus torthaí eolasacha a chur ar fáil. Ag an am céanna, ba chóir soláthar buiséid a chur san áireamh. D'fhéadfadh táscaire a shainmhíniú atá ionadaíoch, intomhaiste agus cruinn a bheith dúshlánach. Is pointe tosaithe maith é breathnú ar an ngrúpa de 56 táscaire um bochtaineacht fuinnimh atá ar fáil atá molta ag Conradh na Méaraí in éineacht leis an EPAH.

**Gníomhaíocht:**

**Grúpa táscairí a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith feiliúnach do do chomhthéacs áitiúil, agus a mheas cibé an mbeadh siad áisiúil chun freagraí a chur ar fáil maidir le do hipitéis.**



# Ó Eolas go Sainmhíniú




## Céim 5 - Sonraí agus fianaise bhreise a bhailiú

**Cuspóir:**

**Comhcheangail an t-eolas atá agat**

Ag an gcéim seo tá sé in am na sonraí a lorg a fhreagróidh na ceisteanna curtha maidir leis na hipitéis a bhaineann leis na táscairí ar leith. Tá sé tábhachtach a chinntiú go gcloíonn na sonraí le bunphrionsabail ar leith cosúil le **dáileadh Geografach**. Ba chóir go mbeadh na sonraí agus an fhianaise tiomsaithe ar fáil ar scála do spéise féin. Bíodh aird agat ar shonraí náisiúnta a dhíchoirtiú a d'fhéadfadh míchialla a chruthú. Tá **dáileadh ama** tábhachtach freisin lena chinntiú go bhfuil an grúpa sonraí ar fáil do thréimhsí difriúla chun treochtaí a thuiscint. Lena chois sin, tá sé tábhachtach a chinntiú go ndéantar na sonraí a nuashonrú don todhchaí le monatóireacht a dhéanamh ar na hathruithe agus éifeachtacht do chuid gníomhaíochtaí. Ar deireadh, **Bailíocht agus Iontaofacht**, go háirithe mura mbailítear sonraí go díreach uait ach go gcuirtear ar fáil iad ag comhlachtaí seachtracha. Tá sé riachtanach na hacmhainní a dhearbhú agus a chinntiú go bhfuil siad iontaofa, mar shampla, lena chinntiú gur bailíodh sonraí cáilíochtúla maidir le prionsabail staitistiúla.

**Gníomhaíocht:**

**Tar éis duit na sonraí reatha a athbhreithniú, meas cibé an bhfuil níos mó sonraí ag teastáil ar féidir a bhailiú trí staitisticí náisiúnta, suirbhéanna, agallaimh agus grúpaí fócais i measc áiteanna eile.**



## Céim 6 - Gach eolas agus sonraí a phróiseáil

**Cuspóir:**

**Déan nasc idir hipitéis, táscairí agus eolas**

Tar éis duit na táscairí a roghnú agus na sonraí a bhailiú a dhéanann léiriú sásúil orthu, tá sé in am athbhreithniú a dhéanamh ar an hipitéis a bunaíodh i gCéim 3. Níl aon bhealach ceart amháin chun sonraí a anailísiú. Is féidir leat grúpa táscairí a aithint agus breathnú orthu ar bhonn indibhidiúil nó iad a chur i gcomparáid lena chéile, nó is féidir iad a mheas le chéile. Is féidir leat **an hipitéis a athanailísiú** de bharr na dtorthaí nua a fuarthas, agus an méid sin a phlé le do ghrúpa oibre bunaithe.

**Gníomhaíocht:**

**Tábla a dhearadh le hipitéis, táscairí, tacar sonraí agus gach ceann de na hipitéis a nascadh leis na táscairí ar leith agus monatóireacht a dhéanamh ar na tacair sonraí atá riachtanach.**

## Iad a thabhairt chun críche





# Céim 7 - Sainmhínigh do bhochtaineacht fuinnimh áitiúil agus déan é a chumarsáid

**Cuspóir:**

**Cuir críoch leis an gcéad chéim ag coimeád taifead den phróiseas agus príomheolas a roinnt.**

Anois ó tá na gnéithe difriúla agat, tá sé in am an chéim diagnóisithe a chur i gcrích le tuarascáil struchtúrtha a choimeádann rian den mhodheolaíocht a glacadh agus na céimeanna a rinneadh. Déanfaidh an méid sin níos éasca é cuimhneamh ar an méid a rinneadh agus beidh an próiseas soiléir do dhuine seachtrach ar mian leis an chaoi a rinne tú an diagnóis a thuiscint. Le linn na céime seo beidh ort an chaoi leis an t-eolas a sheoladh a thuiscint chun dul i ngleic le lucht féachana difriúla a thacaíonn leis na gníomhaíochtaí molta. Is uirlis cumhachtach é a bheith in ann cumarsáid chun comhaontú a fháil, toil pholaitiúil a ghníomhú agus/nó cistí a fháil. Chun an méid sin a bhaint amach, sainaithin na príomh-theachtaireachtaí ar mian leat a chur in iúl agus sainmhínigh do sprioc lucht féachana.

**Gníomhaíocht:**

**Scríobh do dhréacht-thuarascáil faoi bhochtaineacht fuinnimh agus roinn é leis na páirtithe leasmhara éagsúla chun a n-ionchur a bhailiú. Ceap duine ainmnithe amháin chun an eagarthóireacht a chur i gcrích agus chun tosú ag smaoineamh faoin gcéad chéim eile: gníomhaíochtaí a phleanáil.**

Tá an doiciméad seo táirge ag an Mol Comhairleach um Bochtaineacht Fuinnimh (EPAH), an tionscnamh AE ar thús cadhnaíochta faoi stiúir an Choimisiúin Eorpach ar iarratas ó Pharlaimint na hEorpa. Tá an t-ábhar bunaithe ar "EPAH Handbook 1: A Guide to Energy Poverty Diagnosis" atá mar chuid de "EPAH Handbooks: A Guide to Understanding and Addressing Energy Poverty". Tá sé mar aidhm ag an tsraith de threoirleabhair phraiticiúla do rialtais áitiúla agus cleachtóirí cabhrú le rialtais áitiúla dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh lena chinntiú go bhfuil na gnéithe sóisialta d'aistriú fuinnimh réitithe go héifeachtach.

Dáta Foilsithe: Meán Fómhair 2023